2020.M23T

2020L005G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## 2 uair 50 nóiméad

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir, Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí do gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Is féidir peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graif agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **100 marc**

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha **300 marc**

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

**DHÁ** cheist as Roinn 1 – Croí-Aonaid

- Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 (**100 marc**)

  Agus

- Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 (**100 marc**)

Ceist **AMHÁIN** as Roinn 2 – Toghaonaid (**100 marc**)


## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Sraitheanna an Domhain**




Curtha in oiriúint ó www.nationalgeographic.com

Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann sraitheanna difriúla an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| An screamh | |
| An croí istigh | |
| An maintlín | |
| An croí amuigh | |


(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an gcarraig leáite atá le fáil sa mhaintlín?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Magma ☐

Laibhe ☐

**[10m]**

**2. Creathanna Talún**




Curtha in oiriúint ó www.multidict.net

Scrúdaigh an léaráid de chrith talún thuas, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na **téarmaí a bhaineann le creathanna talún** a mheaitseáil leis an **gcur síos** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cur síos |
|---|---|
| **A** | An áit a mbuaileann dhá phláta le chéile agus a bhféadfadh creathanna talún tarlú. |
| **B** | An pointe faoin dromchla ina dtosaíonn an crith talún. |
| **C** | Tonnáin a thaistealaíonn faoi ardluas ar dhromchla an domhain agus laistigh de. |
| **D** | An pointe ar an dromchla ag a dtarlaíonn an damáiste is mó. |

| Téarma a bhaineann le Creathanna Talún | Litir |
|---|---|
| Fócas | |
| Eipealár | |
| Tonnta seismeacha | |
| Éasc | |

(ii) Cén scála a úsáidtear chun méid (neart) creathanna talún a thomhas?

| |
|---|
| |

**[10m]**

## 3. Tírghnéithe Abhann




Curtha in oiriúint ó www.bing.com/maps, www.americanrivers.org, www.nationalgeographic.org agus www.gettyimages.co.uk

Scrúdaigh na fótagraif thuas. Comhlánaigh an tábla trí gach ceann de an ceisteanna seo a leanas a fhreagairt. Tá cuid den tábla déanta duit.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A, B, C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

(ii) Cuir in iúl cé acu de thoradh ar chreimeadh **nó** ar shil-leagan a fhoirmítear gach ceann de na tírghnéithe a ainmnítear sa tábla.

| **Q.3 (i)<br>Litir** | **Tírghné** | **Q.3 (ii)<br>Creimeadh NÓ Sil-leagan** |
|---|---|---|
| | **V-ghleann** | **Creimeadh** |
| | **Eas** | |
| **C** | **Tuilemhá** | |
| | **Deilt** | **Sil-leagan** |

**[10m]**

**4.** **Cineál Carraigeacha**




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha suímh **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcineál carraige is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| Cineál Carraige | Litir |
|---|---|
| Eibhear | |
| Basalt | |
| Aolchloch | |
| Gaineamhchloch | |

(ii) Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Is sampla de charraig mheiteamorfach é an marmar.

**[10m]**

**5.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén airde, ina méadair, atá sa phointe is airde ar an léarscáil?

| |
|---|
| |

(ii) Cén fad atá sa mótarbhealach an M11, ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag T 229 710 go dtí an áit a dtrasnaíonn sé Abhainn Abhóca ag T 234 745?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

3.7 km ☐

2.2 km ☐

**[10m]**

**6.** **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| T 242 728 | |
| T 194 776 | |
| T 256 733 | |
| T 198 759 | |

(ii) Sa bhosca thíos tarraing an tsiombail a bhíonn ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis le haghaidh Gníomhaíochtaí Bádóireachta.

☐

**[10m]**

**7. Aerfotagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Inbhear Mór a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an **ghné** a mheaitseáil leis an suíomh ar an aerfótagraf is fearr a mheaitseálann í.

| Litir | Gné |
|---|---|
| A | Droichead |
| B | Loch |
| C | Cuan |
| D | Goirt Talmhaíochta |

| Suíomh | Litir |
|---|---|
| Sa chúlra ar dheis | |
| Sa lár ar dheis | |
| Sa tulra ar chlé | |
| Sa chúlra ar chlé | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu aerfótagraf ceartingearach nó aerfótagraf fiar atá san aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Ceartingearach ☐

Fiar ☐

**[10m]**

**8. Réigiúin**


Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an **cur síos ar an réigiún** a mheaitseáil leis an **sampla den réigiún** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cur síos ar an Réigiún |
|---|---|
| A | Réigiún aeráide |
| B | Croí-réigiún |
| C | Réigiún geomoirfeolaíoch |
| D | Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl |
| E | Réigiún riaracháin sa Fhrainc |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| Département | |
| Sambre-Meuse, an Bheilg | |
| Iomairí agus Gleannta na Mumhan | |
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath | |
| An Mheánmhuir | |

**[10m]**

## 9. Gníomhaíochtaí Geilleagracha













Curtha in oiriúint ó www.ewi.org, www.rollercoaster.ie, www.agriland.ie agus www.miningpeople.com.au

(i) Scrúdaigh na fótagraif thuas agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart sa tábla thíos chun a chur in iúl cé acu gníomhaíocht gheilleagrach Phríomhúil, Thánaisteach nó Threasach atá i ngach ceann díobh.

| Fótagraf | Gníomhaíocht Phríomhúil | Gníomhaíocht Thánaisteach | Gníomhaíocht Threasach |
|---|---|---|---|
| **A** | | | |
| **B** | | | |
| **C** | | | |
| **D** | | | |

(ii) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin NACH BHFUIL** le feiceáil sna fótagraif thuas.

| |
|---|
| |

**[10m]**

**10. Aimsir**

An Mheánteocht Mhíosúil agus an Bháisteach Mhíosúil ag Aerfort Chnoc Mhuire, 2019

| | Ean | Fea | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Meánteocht (°C)** | 5.0 | 6.5 | 6.0 | 8.3 | 10.2 | 11.7 | 15.0 | 14.0 | 12.2 | 8.4 | 5.5 | 5.2 |
| **Báisteach (mm)** | 93 | 99 | 182 | 97 | 78 | 114 | 86 | 208 | 117 | 105 | 103 | 174 |

Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an mheánteocht mhíosúil agus an bháisteach mhíosúil ag Aerfort Chnoc Mhuire in 2019 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an mheánteocht mhíosúil (°C) is airde a bhí ag Aerfort Chnoc Mhuire in 2019?

(ii) Cad é an mheánteocht (°C) a bhí ann i mí an Mhárta?


(iii) Le linn cén mhí a thit an leibhéal ab airde báistí?

(iv) Cé mhéad mí ina raibh an mheánteocht níos airde ná 9°C?

(v) Cé mhéad báistí san iomlán (mm) a thit i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa le chéile?

**[10m]**

## 11. Turasóireacht in Éirinn




Scrúdaigh an chairt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén réigiún a mheall 17% de na turasóirí ó thar lear chuige in 2017?

| |
|---|
| |

(ii) Cén réigiún a mheall an céatadán is lú turasóirí ó thar lear chuige in 2017?

| |
|---|
| |

(iii) Cén céatadán turasóirí ó thar lear a thug cuairt ar réigiún na Teorann?

| |
|---|
| |

(iv) Ainmnigh rud **amháin** ar díol spéise é do thurasóirí atá i mBaile Átha Cliath.


| |
|---|
| |

(v) Luaigh fadhb **amháin** a bhaineann leis an turasóireacht.

| |
|---|
| |

**[10m]**

**12. Léirmhíniú Satailíte**




Curtha in oiriúint ó www.earthobservatory.org, www.business insider.org, www.spaceref.com agus www.earthobservatory.nasa.gov

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Oighearshruth Byrd, Antartaice | |
| Tambaló, an Phacastáin | |
| Falscaí in California | |
| Sliabh Etna ag brúchtadh | |

(ii) Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Is próiseas tábhachtach é síobadh feadh cladaigh i bhfoirmiú tambalónna.


| |
|---|
| |

**[10m]**

# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.
Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar fáil i gcúl an fhreagarleabhair seo. Ar na leathanaigh de ghrafpháipéar, tá bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graif agus léaráidí amháin.

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| Cuid | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist | | | Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Ceist

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

2 uair 50 nóiméad